ÓGRAS

DON GHAEILGE • DON ÓIGE

# POLASAÍ MÍ-ÚSÁID SUBSTAINTÍ

MEÁN FÓMHAIR 2025

**Aidhm**

Is é aidhm an pholasaí seo ná a chinntiú go gcoinnítear gach ball sábháilte ó dhíobháil a bhaineann le mí-úsáid substaintí, agus iad páirteach i ngníomhaíochtaí an chlub.

**Cuspóirí**

- Cur chuige comhsheasmhach a fhorbairt i leith ceisteanna a bhaineann le substaintí, rud a bheidh glactha ag gach ball den chlub.
- Nósanna imeachta agus prótacail a fhorbairt a dhíríonn ar cheisteanna a bhaineann le alcóil agus drugaí sa chlub.
- Nósanna imeachta soiléire a dhearbhú chun eachtraí áirithe mí-úsáide amhrastach substaintí a bhainistiú.

**Sainmhíniú ar Mí-úsáid Substaintí:**
Cuimseoidh an téarma "mí-úsáid substaintí" gach substaint a chuireann malairt ghiúmar ar dhuine, idir dhleathach agus mhídhleathach, chun críocha an pholasaí seo, agus cuimseoidh sé substaintí amhail.

- Alcól
- Tobac d'aon chineál
- Nicitín d'aon chineál
- Toitíní Leictreonach
- Leigheasanna "thar an gcuntar" amhail paraicéiteamól, frith-hiostaimín, leigheasanna casachta srl.
- Drugaí ordaithe amhail antaibheathaigh, análóir, pianmhúchán srl.
- Substaintí luaineacha amhail aerasóil, gliúnna, peitreal, breoslaí, lastoir toitíní srl.
- Drugaí rialaithe amhail cannabas, eacstais, amfataimín, beacáindraíochta, cócaon srl.

**Mí-úsáid substaintí a chosc**
Ní cheadaíonn Ógras na rudaí seo a leanas le linn gnáth-uaireanta oibre:

- Bheith ag baint mí-úsáid as alcóil nó drugaí le linn uaireanta oibre
- Bheith faoi thionchur alcóil nó drugaí agus tú i mbun oibre
- Brú a chur ar dhaoine eile mí-úsáid a bhaint as alcóil nó drugaí
    - Níor chóir don fhoireann nó do cheannairí a bheith ag caint ar bhealach míchuí faoi ól alcóil -nó mí-úsáid substaintí ar bith eile- go háirithe nuair a bhíonn siad i láthair daoine óga nó oibrithe deonacha óga.
    - Nuair a bhíonn ionadaíocht á déanamh ag an bhfoireann, ag ball den Bhord Stiúrtha nó ag ceannaire deonach ar son Ógras ag ócáidí seachtracha ag a bhfuil daoine óga faoi 18 mbliana d'aois, níl cead acu alcól a ól.
- Níl sé inghlactha go mbeadh ball foirne nó ceannaire deonach ag teacht chun oibre agus é/í faoi thionchar alcóil nó aon substaintí eile nó póit a bheith air/uirthi.
- Ní ceadmhach alcól a ól nó aon drugaí mí-dhleathach á úsáid ag ócáidí

seachtracha a bhaineann le hobair nuair a bhíonn ball foirne nó ceannaire ar dhualgas.

- Ag gach ócáid sheachtrach eile a bhaineann le grúpaí piaraí, mar shampla, ag comhdhálacha, áit nach mbíonn an fhoireann i dteagmháil le daoine óga nó oibrithe deonacha, ba chóir d'foireann Ógras alcól a chaitheamh go measartha, ós rud é go bhféachtar orainn go gairmiúil mar eiseamláire do dhaoine óga.
- Tá sé mí-dhleathach alcól nó toitíní a cheannach nó a chur ar fáil do dhaoine óga. D'fhéadfaí pionós a chur ar Oibrithe Deonacha nó ar an bhFoireann má sáraítear an riail seo trí alcól nó toitíní a cheannach nó a chur ar fáil.
- Níor chóir d'Oibrithe Deonacha ná don Fhoireann alcól a chur chun cinn, glacadh le hurraíocht a bhaineann le halcól ná le hearraí a bhfuil brandáil alcóil orthu agus ba chóir dóibh cosc a chur ar fhógraíocht alcóil ag gach áitreabh óige.

**Oideachas faoi mhí-úsáid substaintí**

Socróidh Ógras clár oideachais ar mhí-úsáid alcóil agus substaintí do bhaill, tuismitheoirí is araile, de réir mar is cuí. D'fhéadfaí go gcuimseodh an clár oideachais seo ar mhí-úsáid alcóil agus substaintí, cur chun cinn pholasaí an chlub, cur ar fáil litríochta, ceardlann nó seisiúin eolais.

- Déanfaidh Oifigeach Forbartha an Chlub socrú i gcomhar le ceannairí an chlub chun oideachas ar mhí-úsáid alcóil agus substaintí a chur ar fáil go bliantúil do dhaoine fásta a bhaineann leis an gclub.
- Déanfaidh an tOifigeach Forbartha socrú, i gcomhar le ceannairí an chlub agus Ógras, chun oideachas atá oiriúnach don aoisghrúpa, faoi mí-úsáid alcóil agus substaintí a chur ar fáil go bliantúil do dhaoine óga a bhaineann leis an gclub.

**Deileáil le heachtraí alcóil agus mí-úsáid substaintí**

**<u>Níl cead ag daoine óga a bheith ag ól, ag caitheamh tabac, ag baint úsáid as toitíní leictreonach nó a bheith faoi thionchur dhrugaí agus iad ag freastal ar an chlub óige nó ar aon imeacht de chuid Ógras.</u>**

Má sáraítear an polasaí seo, déanfar déileáil leis an sárú sin i gcomhréirle nósanna imeachta smachta na heagraíochta.

**Prótacal le déileáil le mí-úsáid substaintí**

Féachfaidh Ógras le freagra a thabhairt ar gach eachtra a bhaineann le mí-úsáid substaintí ar bhealach daingean agus cothrom, leis an meas cuí ar shábháilteacht agus leas na ndaoine atá i gceist, bhaill eile an chlub agus an phobail i gcoitinne. Comhlíonfaimid aon dualgais dhlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith i gceist chomh maith.

**Treoir don Chlub**

- Ní cheadaítear úsáid ná sealbhú alcóil nó drugaí i rith seisiún óige ag am nó áit ar bith. Tá cead ag an bhfoireann/oibrithe deonacha seilbh a ghabháil ar dhrugaí agus ar alcól. Ba chóir fáil réidh le substaintí dleathacha i slí sábháilte agus

substaintí mídhleathacha a thabhairt go dtí Stáisiún na nGardaí. Nuair a bhíonn ar dhaoine substaintí a thabhairt go dtí Stáisiún na nGardaí, ba chóir na Gardaí a chur ar an eolas go bhfuil substaint ina seilbh acu. Ba chóir eachtra den saghas sin a thaifead ar fhoirm thuairiscithe eachtra agus Ard-Oifig a chur ar an eolas.

- Ba choir don bhFoireann drugaí nó alcól a choigistiú le cead na ndaoine óga amháin agus le ball foirne nó comhghleacaí eile i láthair. Níltear ag súil leis agus ní cheadaítear lámh láidir a úsáid, agus ní féidir le lucht foirne aon ghníomh a dhéanamh a chuirfeadh iadsan nó daoine óga i mbaol. Muna bhfuil duine óg sásta drugaí nó alcól a thabhairt suas agus nach bhfuil siad sásta an foirgneamh a fhágáil ina dhiaidh sin, ba chóir glaoch a chur ar an Garda Síochána.
- Má cheaptar go bhfuil duine óg i mbaol, ba chóir Ard-Oifig Ógras a chur ar an eolas maidir leis an riosca díobhála agus chun a fháil amach an bhfuil gnímh eile riachtanach. Seans go gcuirfí beartais cosaint leanaí i bhfeidhm agus/nó is féidir atreorú a dhéanamh chuig seirbhís thacaíochta chuí chun scagadh a dhéanamh le haghaidh fadhb mhí-úsáid dhrugaí.
- Ní chóir do lucht foirne/oibrithe deonacha rómheastachán a dhéanamh ar a gcumas ag déileáil le mí-úsáid thromchúiseach drugaí. Cé go bhfuil sé tábhachtach go mbíonn na scileanna ag an lucht foirne chun scagadh a dhéanamh agus/nó tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga atá ag mí-úsáid substaintí, ba chóir comhairle, traenáil agus sain-tacaíocht a fháil ón Ard-Oifig nó ó ghníomhaireachtaí eachtracha.

- Déan taifead ar an eachtra
- Caithfear teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóir an phaiste/duine óg
- Cuirtear an páiste/duine óg abhaile láithreach
- Caithfear Ard-oifig Ógras a chur ar an eolas faoin eachtra
- Polasaí Smachta Ógras a chur i bhfeidhm

**Eolas a Thaifeadadh**

Déanfar eolas maidir le heachtraí líomhnaithe nó deimhnithe a sháraíonnan polasaí seo a thaifeadadh i scríbhinn. Is fearr fíricí a thaifeadadh agus luaitear gach tuairim mar thuairim. Thaifeadtar freagraí ar chásanna chomh maith ar an mbealach seo. Ní ainmneofar daoine ar leith ach i gcásanna deimhnithe.

**Discréid**

Cé nach féidir rúndacht a gheallúint déanfar gach iarracht a bheith discréideach.

**Tuismitheoirí/Caomhnóirí a Thabhairt Isteach**

Beidh gá le tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoi eachtraí a bhaineann le duine ar bith faoi bhun 18 mbliana d’aois. Tabharfar cuireadh do na tuismitheoirí/caomhnóirí plé a dhéanamh ar an méid a tharla agus coinneofar ar an

eolas iad faoi ghníomh ar bith a dhéanfaidhan club. Ainmneoidh ceannairí an chlub duine chun na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas ar bhonn cáis ar chás.

**Na Gardaí a thabhairt isteach**

Beidh gá leis na Gardaí a thabhairt isteach i gcás eachtraí a bhaineann le soláthar mídhleathach drugaí. Maidir le gach eachtra eile a bhainfeadh le mí-úsáid substaintí, déanfar breithniú ar leith ar gach cás ar leith agus is faoi chinnirí an Chlub / foireann Ógras atá sé cinneadh cé acu an gá nó nach gá na Gardaí a thabhairt isteach.

**Monatóireacht agus Measúnacht**

Tá an polasaí seo i bhfeidhm an t-am go léir agus i rith na ngníomhaíochtaí go léir a dhéantar faoi choimirce Ógras.

**Athbhreithniú polasaí**

Déanfaidh Ógras athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach trí bliana, agus taréis gach eachtra a bhaineann le mí-úsáid substaintí, le cinntiú go mbíonn sé nuashonraithe agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na heagraíochta.

<table>
<tr><td>Ógras</td><td colspan="2">I bhfeidhm: 2025</td><td>Dáta athbhreithnithe:<br>Meán Fómhar 2028</td></tr>
<tr><td colspan="2">Freagrach as faomhadh an pholasaí</td><td colspan="2">Bord Stiúrtha Ógras</td></tr>
<tr><td colspan="2">Freagrach as cur i bhfeidhm an Pholasaí</td><td colspan="2">Stiúrthóir Ógras</td></tr>
<tr><td colspan="2">Freagrach as athbhreithniú an Pholasaí</td><td colspan="2">Stiúrthóir / Cathaoirleach Ógras</td></tr>
<tr><td colspan="2">Síniú<br></td><td colspan="2"></td></tr>
</table>